Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 21

# Príosúin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais na Seirbhíse Príosúin, agus speansais eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.689 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá úinéireacht ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[1] cinn de phríosúin agus d'ionaid choinneála, chomh maith le maoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise, agus maoin atá cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, chomh maith le dhá láithreán eile i mBaile Átha Cliath: ceann amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus an ceann eile i mBaile na Sceach.

Rinne an Oifig Luachála talamh a luacháil de réir luach úsáide nó luach margaidh (mura bhfuil siad in úsáid) le linn na bliana 2020 agus, cé is moite d'eisceacht amháin, léirítear na luachanna leasaithe sa Nóta 2.1, sócmhainní caipitil. Leantar de thalamh i mBaile na Sceach a luacháil de réir costais stairiúil, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn straitéiseach Stáit í lena mbaineann luach féideartha úsáide amach anseo. Tá sé curtha in iúl don Ghníomhaireacht Forbartha Talún go bhfuil sí ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an staid sin ar bhonn bliantúil.

Níl aon athrú tagtha ar an mbonn le talamh agus foirgnimh a luacháil – an meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille.

Déanfar talamh agus foirgnimh príosún a athluacháil gach cúig bliana. Is sa bhliain 2025 atá an chéad luacháil eile dlite.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil eile***

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

[1] Is 12 cheann de phríosúin agus ionaid choinneála atá i mbun feidhme faoi láthair. Níl aon phríosúnaigh á gcoinneáil san Aonad Traenála ar choimpléacs Phríosún Mhuinseo faoi láthair ach táthar ag súil go mbeidh sé sin i mbun feidhme arís a luaithe is féidir, faoi réir measúnú ar na rioscaí a bhaineann le paindéim Covid-19.

***Dímheas***

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

***Ábhair inchaite***

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais nach n-áirítear i stoic.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn nochta dóibh. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, agus cuirtear an anailís sin san áireamh iontu. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Sannadh foireann iniúchóireachta thiomnaithe chun obair ar shaincheisteanna iniúchóireachta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2020 agus, leis sin, leagtar béim níos mó ar an obair iniúchóireachta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir a mhéid is atá sé sin faoina smacht.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhlíontach seachas i gcás 16 chonradh (sa bhreis ar €25,000) dar luach €15,520,593 ar an iomlán (gan CBL san áireamh) agus mar a leagtar amach thíos:

- Meastar cúig chonradh dar luach €6,745,191 a bheith neamhchomhlíontach ar an mbonn gur cuireadh síneadh leo níos faide ná dáta bunaidh an chonartha de bhrí nach raibh próisis iomaíocha nua tugtha chun críche go hiomlán i gcomhpháirtíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi dheireadh na bliana. Go dtí seo, dámhadh trí chonradh le haghaidh earraí agus seirbhísí a bhí freagrach in 2020 as caiteachas €6,224,053; tá conradh amháin ag céim na meastóireachta faoi láthair, agus an ceann eile á chur ar aghaidh lena fhoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.
- Meastar aon chonradh déag dar luach €8,775,402 a bheith neamhchomhlíontach chomh maith ar an mbonn go raibh gá iad a scaoileadh níos faide ná dáta bunaidh an chonartha fad is atá socruithe soláthair nua á gcur i bhfeidhm. Go dtí seo, dámhadh sé chonradh den chineál sin (dar luach €6,026,290 in 2020), fad atá sonraíochtaí tairisceana á n-ullmhú i gcás cúig chás (dar luach €2,749,112 in 2020). Baineann ceithre cinn de na cúig chás dheireanacha le soláthar cúram sláinte agus TFC, áit at ghá baill foirne a atreorú chun déileáil le freagairt do dhúshláin na paindéime le linn 2020, agus dá bhrí sin tugtar cuntas ar an moill ar thosú an phróisis soláthair.

Tá sonraí curtha ar fáil ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa tuairisceán bliantúil maidir le conarthaí neamhiomaíocha i ndáil le ciorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm i ndáil le gach Príosún agus Stiúrthóireacht agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach agus lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta de réir a shuntasaí is atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Bainistíochta Riosca, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá monatóireacht agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Paindéim Covid-19***

Ó thús na paindéime i leith, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den lucht bainistíochta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid-19, paindéim a raibh tionchar leathan agus suntasach aici ar oibríochtaí le linn na bliana 2020. Is timpeallacht ardriosca iad príosúin i dtaobh víris den chineál sin a tharchur agus bhí Seirbhís Phríosúin na hÉireann réamhghníomhach chun an riosca a bhainistiú agus a mhaolú ó thús na géarchéime i leith. Tá an fhoireann ardbhainistíochta ag teacht le chéile gach lá ó thús mhí an Mhárta 2020 i leith chun aghaidh a thabhairt ó lá go lá ar na dúshláin slándála, sábháilteachta, cúraim sláinte, oibríochta agus bainistíochta a bhaineann leis an bpaindéim. Cuireadh Foireann Pleanála Práinnfhreagartha i ngníomh freisin nuair a thosaigh an phaindéim ina ndéantar ionadaíocht do phríomhpháirtithe leasmhara agus déantar cruinnithe a thionóil gach seachtain chun bearta cosanta a aithint agus a chur i bhfeidhm chomh maith le próisis d'fhonn an tionchar ar phríosúnaigh agus ar bhaill foirne a laghdú a oiread agus is féidir lena chinntiú go mbeidh príosúin chomh saor ó Covid-19 agus is féidir.

Mar sheirbhís riachtanach, tá príomhoibríochtaí slándála agus coimeádta agus seirbhísí eile coinnithe ar bun ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann de réir na leibhéal srianta atá i bhfeidhm faoin g*Creat Náisiúnta le haghaidh "Maireachtáil le Covid-19"*.

Cé gur coinníodh príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, b'éigean próisis áirithe a athbhreithniú chun ceadú sonrasc agus foirmeacha íocaíochta a cheadú go cianda trí ríomhphost nuair ba ghá. Cuireadh rochtain chianda ar fáil ar chórais reatha chun go mbeadh foireann a bhí ag obair ó chian ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, ar nósanna imeachta agus ar lámhleabhair oibre mhionsonraithe reatha. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí i mbun monatóireachta ar na hathruithe ar phróisis a tugadh isteach mar fhreagairt do shrianta Covid-19 lena chinntiú go bhfuil siad éifeachtach.

Bhí tionchar mór aige ar chostas agus meastar €7 milliún a bheith tabhaithe sa bhliain 2020 mar thoradh ar an bpaindéim ar nithe amhail:

- costais foirne
- PPE leighis
- bearta braite víris
- domhainghlanadh agus rialú ionfhabhtuithe
- glanadh tionsclaíoch
- éadaí leapa, níochán agus teagmhais lónadóireachta
- ICT ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe do phríosúnaigh agus le cianobair do bhaill foirne

Tharla cúpla ráig de Covid-19 sna príosúin amach dheireadh na bliana 2020 agus i dtús na bliana 2021. Rinneadh ráigeanna a bhainistiú go rathúil, áfach, chun cásanna tarchuir a choinneáil chomh híseal agus ab fhéidir laistigh de phríosúin.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Luacháil tailte i Halla Bhaile na Sceach*

Is é mo thuairim go bhfuil an eisceachtúil maidir le rialú airgeadais inmheánach, agus ar ábhair eile.

Déantar an talamh agus na foirgnimh atá ina seilbh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a luacháil gach cúig bliana, agus aon athruithe luachála á léiriú sa ráiteas faoin staid airgeadais. Rinneadh luacháil ar an talamh agus na foirgnimh ar fad a sealbhaíodh in 2020, agus méadú €372 mhilliún á aithint dá barr.

Cé gur chuir an Oifig Luachála luach €2.7 milliún ar na tailte i Halla Bhaile na Sceach a bhí ina seilbh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann in 2020, tá luach €49.3 milliún ar na tailte sin go fóill sa ráiteas faoin staid airgeadais. Is ionann an figiúr sin agus an costas stairiúil a bhaineann leis na tailte a fháil agus a fhorbairt. Nochtar an caitheamh eisceachtúil leis an mír sin sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta.

I mo thuairim, níl aon údar ann leis an gcaitheamh cuntasaíochta eisceachtúil leis na tailte i Halla Bhaile na Sceach.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

# Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin | | | | |
| *Bunaidh* | 392,363 | | | |
| *Forlíontach* | 15,728 | | | |
| | | 408,091 | 400,879 | 357,896 |
| **Ollchaiteachas** | | **408,091** | **400,879** | **357,896** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 9,152 | | | |
| *Forlíontach* | 1,728 | | | |
| | | **10,880** | **10,825** | **10,284** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 383,211 | | | |
| *Forlíontach* | 14,000 | | | |
| | | **397,211** | **390,054** | **347,612** |

### Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €5,468,000 de leathreasaí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.3 Foirgnimh agus trealamh ar aghaidh go dtí 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 7,156,894 | 1,923,512 |
| Géilleadh iarchurtha | (5,468,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,688,894** | **1,923,512** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 110,740 | 85,387 |
| Pá | | 271,324 | 255,084 |
| Neamhphá | | 18,815 | 17,425 |
| **Ollchaiteachas** | | **400,879** | **357,896** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **10,825** | **10,284** |
| **Glanchaiteachas** | | **390,054** | **347,612** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (40,467) | | |
| Dímheas | 3,925 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | (36,540) | (23,220) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,696) | | |
| Méadú ar stoc | (14) | (1,710) | 1,542 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **351,804** | **325,934** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 70,031 | 66,587 |
| **Glanchostas an chláir** | | **421,835** | **392,521** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 270 | 270 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 68,625 | 65,221 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 145 | 150 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 332 | 321 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart - An tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 639 | 625 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 20 | — |
| | | **70,031** | **66,587** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,404,618 | 996,383 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 18,859 | 6,065 |
| Stoic | 2.3 | 2,277 | 2,263 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,498 | 1,589 |
| Ioncam fabhraithe | | 56 | 431 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 2,086 | 4,348 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **25,776** | **14,696** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 8,385 | 9,547 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 15,088 | 10,295 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 5,857 | 118 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **29,330** | **19,960** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (3,554) | (5,264) |
| **Glansócmhainní** | | **1,401,064** | **991,119** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **1,401,064** | **991,119** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 972,034 | 73,730 | 772 | 12,325 | 13,972 | 1,072,833 |
| Breiseanna | 14,925 | 4,981 | 10 | 537 | 20,014 | 40,467 |
| Athluachálacha | 371,695 | — | — | — | — | 371,695 |
| Diúscairtí | — | (764) | (23) | — | — | (787) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 1,358,654 | 77,947 | 759 | 12,862 | 33,986 | 1,484,208 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 67,553 | 677 | 8,220 | — | 76,450 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,545 | 22 | 1,358 | — | 3,925 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (763) | (22) | — | — | (785) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | — | 69,335 | 677 | 9,578 | — | 79,590 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **1,358,654** | **8,612** | **82** | **3,284** | **33,986** | **1,404,618** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 972,034 | 6,177 | 95 | 4,105 | 13,972 | 996,383 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 18,724 | 5,433 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 135 | 632 |
| | **18,859** | **6,065** |

**Cuntais bhainc Neamh-Vóta**

Tá 24 chuntas bainc tráchtála ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin a bhainistiú ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann le siopaí príosúin, Ciste Cúnaimh do Phríosúnaigh agus dhá chuntas d'airgead tirim pearsanta na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair san áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as. Is €3,295,289 an tsuim a bhí á choinneáil ag deireadh na bliana 2020 agus ní áirítear an tsuim sin sa chuntas (2019: €2,782,615). Féach Nóta 6.5 freisin.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Éidí agus éadach | 2,241 | 2,238 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 36 | 25 |
| | **2,277** | **2,263** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntais óinchistí príosúin | 250 | 255 |
| Cuntas fionraí párolla (Cosán pá) | 1,472 | 3,728 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 364 | 365 |
| | **2,086** | **4,348** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 6,905 | 4,882 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 3,537 | 2,379 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 115 | 110 |
| Cáin bhreisluacha | 2,311 | 1,590 |
| Cáin conraitheoirí cláraithe | 27 | 2 |
| Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin | — | 1 |
| | 12,895 | 8,964 |
| | | |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Vóta | 135 | 632 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 919 | 659 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 1,139 | 40 |
| | **15,088** | **10,295** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 1,689 | 1,924 |
| Géilleadh iarchurtha | 5,468 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,300) | (1,806) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **5,857** | **118** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 18,859 | 6,065 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,086 | 4,348 |
| | 20,945 | 10,413 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,895) | (8,964) |
| Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta | (135) | (632) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,058) | (699) |
| | (15,088) | (10,295) |
| | | |
| | **5,857** | **118** |

## 2.7 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 991,119 | 969,008 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 397,211 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (5,468) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,689) | | |
| Glanvóta | | | 390,054 | 347,612 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 70,031 | 66,587 |
| Athluacháil sócmhainní (seachas airgead tirim) | 2.1 | | 371,695 | 433 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (421,835) | (392,521) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,401,064** | **991,119** |

## 2.8 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tionscadail chaipitil | 41,715 | 58,127 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **41,715** | **58,127** |

**b) Ceangaltais chaipitil ollmhóra**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Príosún Luimnigh | 11,869 | 19,989 | 36,242 | 68,100 [a] | 68,100 |
| | **11,869** | **19,989** | **36,242** | **68,100** | **68,100** |

Nóta [a] Áirítear san athfhorbairt ar Phríosún Luimnigh síneadh a chur le sciathán den phríosún, saoráid nua do mhná agus roinnt obair ghaolmhar eile. Cuirfidh sé áitreabh nua Seirbhíse Promhaidh ar fáil freisin a mhaoineoidh Oifig na nOibreacha Poiblí ar luach €3.4 milliún.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **33** | **7** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Cuimsíonn na dliteanais theagmhasacha éilimh chúitimh a bhaineann le sláintíocht inchillín a bhfuil an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit ag déileáil leo thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha. Féach freisin Nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Chun costais iomlána na gclár a chur i láthair, áirítear i gClár A an caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos.

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 270,110 | | | |
| | | *Forlíontach* | 490 | | | |
| | | | | 270,600 | 271,324 | 255,084 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,816 | | | |
| | | *Forlíontach* | 150 | | | |
| | | | | 1,966 | 1,773 | 2,208 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,860 | | | |
| | | *Forlíontach* | 800 | | | |
| | | | | 4,660 | 4,483 | 4,343 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | | 1,600 | 1,474 | 1,701 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,580 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,390 | | | |
| | | | | 9,970 | 11,085 | 9,173 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | | — | — | — |
| | | | | **288,796** | **290,139** | **272,509** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €6.58 milliún; toradh €11.085 milliún*

Léirítear i bpáirt sa mheastachán forlíontach €3.39 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an farasbarr €4.505 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.58 milliún. Bhain an caiteachas méadaithe le costais bhreise a bhain le bainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí, bonneagar agus ar chórais TFC, agus iad a leathnú le linn phaindéim Covid-19, lena n-áirítear cianobair a éascú do bhaill foirne a bhí lonnaithe in oifigí agus seirbhísí a chur ar fáil laistigh de phríosúin, seirbhísí mar shaoráidí nasctha físeáin do theaghlaigh príosúnach agus seirbhísí sna cillíní do phríosúnaigh. Léirítear sa mheastachán forlíontach freisin an méadú ar chaiteachas faoi Phacáiste an Rialtais chun an Geilleagar a Spreagadh, lena n-áirítear feabhsuithe ar chórais soláthair, anailísíochta sonraí agus athshlánaithe ó thubaistí.

**vi Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas*

Mar gheall nach raibh gá le seirbhísí comhairleoireachta sa bhliain, tharla an choigilt €100,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh.

## Riarachán Chlár A agus coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 270,110 | | | |
| | | *Forlíontach* | 490 | | | |
| | | | | 270,600 | 271,324 | 255,084 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,156 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,040 | | | |
| | | | | 18,196 | 18,815 | 17,425 |
| A.3 | Foirgníocht agus trealamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 68,277 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,108) | | | |
| | | | | 67,169 | 60,241 | 44,778 |
| A.4 | Seirbhísí do phríosúnaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,906 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,144 | | | |
| | | | | 36,050 | 34,203 | 28,595 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,550 | | | |
| | | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | | 4,950 | 5,585 | 6,570 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,265 | | | |
| | | *Forlíontach* | 135 | | | |
| | | | | 1,400 | 1,424 | 1,389 |
| A.7 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,873 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,627 | | | |
| | | | | 9,500 | 9,087 | 3,855 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin) | | | 226 | 200 | 200 |
| | | | | **408,091** | **400,879** | **357,896** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €8.516 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh, an meastachán forlíontach sa bhliain 2020 san áireamh. Áirítear ansin róchaiteachas €4.659 milliún i dtaca le caiteachas neamhphá riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí athrú ar na fo-mhírchinn eile.

**A.3 Foirgníocht agus trealamh**

*Soláthar meastacháin €68.277 milliún; toradh €60.241 milliún*

Léirítear i bpáirt sa laghdú san fho-mhírcheann sa mheastachán forlíontach €1.108 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an choigilt €8.036 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €68.277 milliún. Rinneadh €5.468 milliún den choigilt sin a thabhairt ar aghaidh go 2021 faoi sholáthairtí caipitil iarchurtha. Mar gheall gur stad oibreacha foirgníochta le linn na ndianghlasálacha náisiúnta d'fhonn paindéim Covid-19 a bhainistiú, bhí moill ar an dul chun cinn ar an mórthionscadal tógála ag Príosún Luimnigh. I bPacáiste an Rialtais chun an Geilleagar a Spreagadh, rinneadh soláthar chun tionscadail tosaíochta eile a chur chun cinn - tionscadail mar chillíní rialaithe ionfhabhtaithe, CCTV, feabhas ar chórais, glasáil, fuinneoga, córais slándála, uasghrádú ar sheomraí rialaithe, athsholáthar soilse LED ar fud na tíre chun carbón a laghdú agus uasghrádú ar aláraim dhóiteáin. Tháinig laghdú ar an gcoigilt fhoriomlán faoin bhfo-mhírcheann mar thoradh air sin.

**A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh**

*Soláthar meastacháin €28.906 milliún; toradh €34.203 milliún*

Léirítear an farasbarr €5.297 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €28.906 milliún sa mheastachán forlíontach €7.144 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann. Baineann an caiteachas méadaithe den chuid is mó le costais shuntasacha a bhain le paindéim Covid-19 ar leithéid PPE do phríosúnaigh agus do bhaill foirne, costais rialaithe ionfhabhtaithe, soláthairtí cúraim sláinte agus glantacháin agus córais tástála teasa. Bhí costais bhreise a bhaineann le Covid-19 ann freisin maidir le freastal ar phríosúnaigh, le haghaidh saoráidí breise níocháin mias, soláthairtí malartacha aráin inar cuireadh bácús Mhuinseo faoi ghlas, saoráidí stórála fuaire do theagmhais bhia agus boscaí chun plátaí a athsholáthar chun béilí a sheirbheáil i bpríosúin mar bheart rialaithe ionfhabhtaithe.

**A.5 Seirbhísí oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.55 milliún; toradh €5.585 milliún*

Léirítear i bpáirt sa mheastachán forlíontach €400,0000 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an farasbarr €1.035 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.55 milliún. Is mar thoradh ar chostais bhreise i leith bainistíocht flít, córais agus trealamh a bhaineann le slándáil d'fhonn dul i ngleic le gáinneáil drugaí, ionraí agus ábhar á chaitheamh thar an mballa, chomh maith leis na costais a bhaineann leis an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal an méadú ar chaiteachas.

**A.6 Seirbhísí oideachais**

*Soláthar meastacháin €1.265 milliún; toradh €1.424 milliún*

Léirítear sa mheastachán forlíontach €135,000 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €159,000 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.265 milliún. Bhain an caiteachas breise le hinfheistíocht bhreise i ríomhairí agus i ríomhairí glúine chun an stoc seanchaite a bhí ann a athsholáthar agus le riachtanais bhreise a bhain le soláthairtí a bhí riachtanach le linn phaindéim Covid-19 a sholáthar. Chomh maith leis sin tugadh faoi Chéim II d'uasghrádú ar bhonneagar oideachais SPAN sa bhliain 2020 agus bhí caiteachas ar Open University níos airde sa bhliain 2020 ná blianta eile mar thoradh ar an méadú a bhí ar líon na n-iarratas a ceadaíodh.

**A.7 Cúiteamh**

*Soláthar meastacháin €4.873 milliún; toradh €9.087 milliún*

Léirítear an farasbarr €4.214 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.873 milliún sa mheastachán forlíontach €4.627 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann. Baineann an caiteachas breise le méadú suntasach ar íocaíochtaí cúitimh a bhaineann go díreach le cásanna sláintíochta inchillín arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus ar íocaíochtaí cúitimh le hoifigigh phríosúin i ndáil le gortú ar dualgas. Is réimse caiteachais é seo arna threorú ag éileamh arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus is féidir go mbeadh athrú ar chaiteachas ag brath ar chandam agus líon na ndámhachtainí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 305 | | | |
| | | *Forlíontach* | 349 | | | |
| | | | | 654 | 583 | 402 |
| 2 | Fáltais na gcuntas díomhaoin | | | 226 | 200 | 200 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,621 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,379 | | | |
| | | | | 10,000 | 10,042 | 9,682 |
| | **Iomlán** | | | **10,880** | **10,825** | **10,284** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna a le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.673 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh €9.152 milliún. Ba de bharr an méid seo a leanas é sin den chuid is mó:

**1 Ilghnéitheach**

*Meastachán €305,000; réadaithe €583,000*

Léirítear sa mheastachán forlíontach €349,000 a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €278,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €305,000 agus is mar thoradh ar níos mó fáltas a bheith á nginiúint ná mar a bhí súil leis é sin. Baineann an cion is mó d'fháltais le híocaíochtaí sochair breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ar tháinig méadú orthu sa bhliain mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €8.621 milliún; réadaithe €10.042 milliún*

Léirítear sa mheastachán forlíontach €1.379 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €1.421 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €8.621 milliún agus baineann sé sin go díreach le costais phárolla, lena n-áirítear uaireanta breise.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **3,455** | **3,405** |

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 168,396 | 157,153 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 439 | 389 |
| Liúntais eile | 40,747 | 37,846 |
| Freastal breise agus ragobair | 39,604 | 39,654 |
| ÁSPC an Fhostóra | 22,138 | 20,042 |
| **Pá iomlán** | **271,324** | **255,084** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 72 | 8 | 18,347 | 12,565 |
| Freastal breise agus ragobair | 3,089 | 2,087 | 83,449 | 50,519 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,847 | 1,593 | 19,387 | 19,934 |
| Ilghnéitheach | 3,161 | 59 | 12,958 | 13,076 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3,131 | 2,921 | 101,650 | 67,947 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €73,140 ar an iomlán le 23 státseirbhíseach ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Idir €130 agus €12,301 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €36,973 le hochtar comhaltaí den Gharda Síochána, atá éirithe as, agus ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin an hÉireann iad do dhualgais shonracha le linn na bliana 2020.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 182 | 506,901 | 578,484 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 95 | 310,024 | 398,145 |

Rinneadh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin i ndáil le duine amháin arbh ionann a luach agus €924 a aistriú chuig Oifig eile le linn na bliana. Áirítear sna sonraí thuas roinnt cásanna pinsin coinnithe. Tá roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta curtha i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Daonra na bpríosún

Ba é an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2020 ná 3,823 dhuine (2019: 3,971 duine).

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

Áirítear sa chuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le daoine den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásan na** | **Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Phríosúin** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dlí a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó bhaill foirne príosúin** | | | | | | |
| Éilimh shibhialta i ndáil le díobhálacha a bhain do bhaill foirne ar dualgas agus saincheisteanna eile a bhain le baill foirne príosún | 107 | — | 1,888 | 649 | 2,537 | 1,533 |
| Éilimh tríd an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla mar thoradh ar dhíobhálacha a bhain do bhaill foirne príosúin | 110 | — | 2,701 | — | 2,701 | 603 |
| **Éilimh ó phríosúnaigh** | | | | | | |
| Éilimh mar thoradh ar dhíobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh | 445 | — | 2,131 | 1,013 | 3,144 | 1,073 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 32 | — | 487 | 204 | 691 | 639 |
| | **694** | **—** | **7,207** | **1,866** | **9,073** | **3,848** |

Nóta

Ag an 31 Nollaig 2020, is ionann líon na n-éileamh gníomhach gan réiteach a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus 2,399 n-éileamh (2019: 2,099 n-éileamh). Is ionann luach na gcostas dlí a thabhaigh an tSeirbhís Phríosúin maidir le deich gcás neamhchúitimh agus €257,730 (2019: €258,128).

Áirítear ar na héilimh gan réiteach arna gclárú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 1,855 chás a bhaineann le cásanna sláintíochta inchillín. Mar thoradh ar Bhreithiúnas ón gCúirt Uachtarach, tá scéim curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déanfar na costais a bhaineann leis na dámhachtainí cúitimh ón scéim sin a íoc as Vóta na bPríosún. Áirítear sa tsuim €3.144 milliún arna íoc i gcúiteamh sa tábla thuas i ndáil le héilimh arna dtabhairt ag príosúnaigh €1.477 milliún i gcúiteamh agus €542,000 i gcostais dlí a dámhadh i ndáil le cásanna a bhain le sláinteachas inchillín a socraíodh in 2019 agus 2020.

## 6.3 Costais sochraide príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €14,025 i dtreo speansais sochraide ceathrar príosúnach a cailleadh sa phríosún.

## 6.4 Ús i ndáil le híoc pras cuntas

Is ionann an t-ús a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2020 i ndáil le híoc pras cuntas agus €13,387 (2019: €4,900).

## 6.5 Oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí eile airgeadais chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí atá i gceist le cuntas bainc le haghaidh cistí pearsanta príosúnach, siopaí príosúin agus ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh agus dhá chuntas bainc le haghaidh cistí pearsanta príosúnach. Seo a leanas na mionsonraí:

- **Cuntas cistí pearsanta na bpríosúnach** - Coimeádtar príomhchuntas bainc go sonrach le haghaidh cistí pearsanta príosúnach arna bhainistiú ag Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún. Ag fágáil an phríosúin do phríosúnaigh, faigheann siad iarmhéid a gcuid cistí pearsanta as an gcuntas sin. Ba é an t-iarmhéid sa chuntas bainc amhail an 31 Nollaig 2020 ná €1,227,855 (2019: €1,135,291). Is ionann é sin agus iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana ach áirítear leis freisin díolacháin iomlána na Siopaí Príosúin i mí na Nollag (tuairim is €600,000 de ghnáth) a aistrítear go gairid tar éis dheireadh na míosa, chuig cuntais bhainc na siopaí príosúin chuí chun íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le ceannacháin mhí na Nollag a éascú.

- **Cuntas Chistí na bPríosúnach** - Bhí cuntas bainc eile in úsáid i rith 2020 do chistí pearsanta na bpríosúnach. Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún a dhéanann an cuntas sin a bhainistiú go lárnach freisin. Is féidir le teaghlaigh na bpríosúnach cistí a aistriú chuig an gcuntas sin trí EFT nó le cárta An Post chuig a nduine muinteartha sa phríosún. Theastaigh sé sin mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus cuireann sé deireadh freisin le roinnt den riosca a bhaineann le hairgead tirim a láimhseáil. Ar aon dul leis an bpróiseas atá i bhfeidhm leis na príosúin, déantar na cistí a chuirtear sa chuntas bainc sin a aistriú gach seachtain chuig Príomhchuntas Airgid Thirim na bPríosúnach (féach thuas). Ba é iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2020 ná €135,437 (2019: €nialas).

- **Siopaí príosúin** - Tá siopa inmheánach ("siopa tuck") i ngach príosún inar féidir le príosúnaigh míreanna beaga a cheannach amhail milseáin agus deochanna boga, etc. Íoctar as na míreanna ó chistí pearsanta na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead tirim a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin leis na príosúnaigh. Déantar an farasbarr glan a ghintear a aistriú chuig Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh chun cabhrú le cásanna cruatain i measc príosúnach. Ba é iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc maidir leis an aon siopa príosúin déag amhail an 31 Nollaig 2020 ná €520,697 (2019: €741,815). Ba é luach an stoic ar láimh ná €343,436 (2019: €336,063).

- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (CCCP)** - Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail cruatain príosúnach a mhaoiniú. Ní ó chistí vótáilte a thagann an maoiniú don chuntas ach ó na farasbairr a ghintear i siopa an phríosúin. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag an 31 Nollaig 2020 ná €1,411,300 (2019: €905,509). Tá sé i gceist deireadh a chur ar bhonn céimithe le CCCP sa bhliain 2021.

Tá Coistí Deonacha Bialann (CDB) i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus neamhspleách uirthi. Dá ainneoin sin, thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoi athbhreithniú rialachais ar na struchtúir reatha CDB sa bhliain 2020.

Cuireadh comhaontuithe nua scríofa i bhfeidhm idir gach CDB agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Faoi na comhaontuithe nua rialachais, éilítear ar gach CDB ráitis urrúis chomh maith le cuntais airgeadais a chur faoi bhráid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gach bliain.